

SEÁN NA SAGART

Na triúr clann nDonnacha a tháinig. Tháinig fear aca go Ceann Léime, fear eile i n-íochtar na Ceathramhan Rua, sa gCillín, agus fear eile a d'fhan san áit a raibh an t-athair. De chlann nDonnchadha na Céise an triúr sin. Aon Mhac Donnchadha eile ní de Chlann nDonnchadha na Céise é, ná aon duine eile ach an mhuintir a shíolruigh ón triúr sin.

Tá clann nDonnchadha an Teistiúin ann agus Clann nDonnchadha a mbíodh I.O.U. ar an bpota aca. Bhíodar a' síolrú agus a' fairsingiú i gConamara, an dream seo. Dhíol máthair duine aca ar theistiún.

Clann nDonnchadha a mbíodh I.O.U. ar an bpota aca dream gortach a bhí ionnta. Bhí marc ar an bpota aca agus pé ar comhluadar a thagadh sa teach ní cuirtí tada sa bpota níos airde ná an marc agus chaith chuile dhuine a bheith sásta leis an méid sin.